

COILEACH MHÁRTA.

Uibheacha a gcuirfear an chearc ar gor sa Márta orthabh agus a dtiocfaodh na sicíní amach i mí Mhárta sin coiligh Márta agus cearca Márta. Níl maitheas ionnta go gcuirfidh tú uibheacha ó choileach mártá agus ó chearc mhárta síos secht mbliana indiaidh a chéile agus iad a thogha ón ál ceadna glúin indiaidh glúine an coileach a bhéas agat an seachtmhadh bliain sin coileach mártá a mbeidh brigh ann. Tá sé sin có maith nach bhfuil sé ag dhul a leigint droch-rud ar bith in aice leis an teach.

9/11/31.